



An Bhruiséil, 14 Bealtaine 2024
(OR. en)

9773/24

SPORT 51
SAN 272
SOC 350

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le tábhacht cleachtais spóirt fhéineagraithe mar thaca le stíleanna maireachtála gníomhacha agus folláine san Aontas Eorpach

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí thuasluaite, a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcrúinniú a bhí aici an 13-14 Bealtaine 2024.

Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le tábhacht cleachtais spóirt fhéineagraithe mar thaca le stíleanna maireachtála gníomhacha agus folláine san Aontas Eorpach

DÉANANN AN CHOMHAIRLE AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE,

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á MHEABHRÚ ACU:

1. Airteagal 6 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena dtugtar inniúlacht don Aontas Eorpach gníomhaíochtaí a chur i gcrích i réimse an spóirt chun tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát, agus chun iad a chomhordú nó a fhorlíonadh, mar aon le hAirteagal 165, ar dá réir a rannchuideoidh an tAontas leis an spórt Eorpach a chur chun cinn, ag féachaint do shain-nádúr an spóirt, dá struchtúir atá bunaithe ar an ngníomhaíocht shaorálach agus d'fheidhm shóisialta agus oideachasúil an spóirt.
2. Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt 2021-2024¹ agus an réimse tosaíochta maidir le 'rannpháirtíocht sa spórt agus gníomhaíocht coirp ar mhaithe le feabhsú sláinte' a chur chun cinn, chomh maith leis an gcuspóir treorach i ndáil le 'rannpháirtíocht i ngníomhaíocht coirp ar mhaithe le feabhsú sláinte a mhéadú chun stíl mhaireachtála atá gníomhach agus neamhdhiobhálach don chomhshaol, comhtháthú sóisialta agus saoránacht ghníomhach a chur chun cinn'.
3. An Moladh ón gComhairle maidir le gníomhaíocht coirp ar mhaithe le feabhsú sláinte a chur chun cinn ar fud earnálacha², ina leagtar béim ar a rithábachtaí atá buntáistí na gníomhaíochta coirp ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear gníomhaíocht spóirt agus aclaíocht rialta.

¹ Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt (an 1 Eanáir 2021 - an 30 Meitheamh 2024), IO C 419, 4.12.2020, lch. 1.

² Moladh ón gComhairle an 26 Samhain 2013 maidir le gníomhaíocht coirp ar mhaithe le feabhsú sláinte a chur chun cinn ar fud earnálacha, IO C 354, 4.12.2013, lch. 1.

4. Torthaí Eorabharaiméadar Speisialta 525 maidir le spórt agus gníomhaíocht coirp, inar thángthas ar an gconclúid go bhfuil géarghá fós le spórt agus gníomhaíocht coirp rialta a chur chun cinn, go háirithe i measc na saoránach os cionn 24 bliana d'aois, a dtagann meath ar an ngníomhaíocht coirp a bhíonn ar bun acu go rialta le haois³.
5. An Chairt Eorpach Spóirt athbhreithnithe de chuid Chomhairle na hEorpa, a bhfuil sé d'aidhm aici a chur ar chumas gach duine páirt a ghlacadh sa spórt agus go háirithe chun a áirithiú go mbeidh an deis ag gach duine páirt a ghlacadh sa spórt i dtimpeallacht shábháilte, shlán agus shláintiúil⁴.
6. An rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le cur chuige comhtháite i leith an bheartais spóirt: dea-rialachas, inrochtaineacht agus sláine⁵, go háirithe mír 75, ina n-iarrtar ar na Ballstáit níos mó cistí a leithdháileadh ar fhaichí poiblí spóirt agus ar chlóis súgartha phoiblí chun feabhas a chur ar inrochtaineacht éasca ar spóirt an phobail.

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á THABHAIRT DÁ NAIRE ACU:

7. Chun críocha na gconclúidí seo, meastar gurb ionann spórt féineagraithe agus gach cineál gníomhaíochta coirp a d'fhéadfadh tarlú i suíomhanna neamhfhoirmiúla, le linn am fóillíochta de ghnáth, nach gcloíonn le rialacha dochta foirmiúla spóirt, agus nach gá go mbeadh formáid iomaíoch i gceist leo. Is féidir na gníomhaíochtaí sin a reáchtáil i suíomhanna áitiúla agus neamhfhoirmiúla, mar shampla páirceanna agus comharsanachtaí, ach freisin i mbonneagair spóirt, ar bhonn aonair nó i ngrúpa, cuir i gcás, le cairde, comhghleacaithe agus baill teaghlaigh.

³ An Coimisiún Eorpach, Eorabharaiméadar Speisialta 525, *Sport and Physical Activity* [Spórt agus Gníomhaíocht Coirp] (2022), 2268/SP525, tuarascáil iomlán, lch. 6, Meán Fómhair 2022.

⁴ Moladh athbhreithnithe maidir leis an gCart Eorpach Spóirt CM/Rec(2021)5. Arna ghlacadh ag Coiste na nAirí an 13 Deireadh Fómhair 2021 ag an 1414ú cruinniú d'Ionadaithe na nAirí, Airteagal 1(1)(b).

⁵ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 2 Feabhra 2017 maidir le cur chuige comhtháite i leith an bheartais spóirt: dea-rialachas, inrochtaineacht agus sláine (2016/2143(INI)), IO C 252, 18.7.2018, lch. 2.

8. Tá méadú ag teacht ar an gclaonadh atá ag na daoine atá san Aontas Eorpach páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht coirp i spásanna éagsúla, agus tá siad ag iompú níos mó ar shuíomhanna neamhfhoirmiúla, mar shampla páirceanna, ceantair eile amuigh faoin aer nó an baile, chun dul i mbun spóirt agus gníomhaíochta coirp ag pointe áirithe ina saol⁶.
9. Ní chomhlíonann duine fásta amháin as gach triúr san Eoraip treoirlínte na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) maidir le gníomhaíocht coirp agus ní dhéanann beagnach leath díobh aclaíocht nó spórt ar bith, agus rátaí níos ísle ann i measc na mban, daoine scothaosta agus grúpaí socheacnamaíocha níos ísle⁷.
10. Léiríonn na torthaí a bhaineann le stíleanna maireachtála neamhghníomhacha go suíonn beagnach 40 % de mhuintir na hEorpa ar feadh níos mó ná 5 uaire an chloig go leith in aghaidh an lae, agus rátaí níos airde ann i measc oibrithe bóna bháin, bainisteoirí, mic léinn agus daoine dífhostaithe⁸.
11. Mar a shainítear i staidéir éagsúla, áirítear easpa ama, easpa spreagtha, costais, fadhbanna sláinte agus gan sult a bhaint as gníomhaíochtaí iomaíocha ar na príomhbhacainní maidir le spórt a chleachtadh⁹. D'fhéadfadh spórt féineagraithe cuidiú freisin le cuid de na constaicí sin a shárú agus rannpháirtíocht sa spórt a spreagadh toisc go gcuireann sé roghanna luachmhara ar fáil le haghaidh rannpháirtíochta i dtéarmaí an ama, an tiomantais, an trealaimh, an bhonneagair agus an chostais is gá.

⁶ An Coimisiún Eorpach, Eorabharaiméadar Speisialta 525, *Sport and Physical Activity* [Spórt agus Gníomhaíocht Coirp] (2022), 2268/SP525, tuarascáil iomlán, lgh. 35-38, Meán Fómhair 2022.

⁷ ECFC/EDS (2023), *Step Up! [Bogaimis linn!] Tackling the Burden of Insufficient Physical Activity in Europe* [Easpa Gníomhaíochta Coirp san Eoraip a Ghleic], Foilsitheoireacht ECFC, Páras, lgh. 25.

⁸ An Coimisiún Eorpach, Eorabharaiméadar Speisialta 525, *Sport and Physical Activity* [Spórt agus Gníomhaíocht Coirp] (2022), 2268/SP525, tuarascáil achomair, lgh. 31, Meán Fómhair 2022.

⁹ An Coimisiún Eorpach, Eorabharaiméadar Speisialta 525, *Sport and Physical Activity* [Spórt agus Gníomhaíocht Coirp] (2022), 2268/SP525, tuarascáil achomair, lgh. 18, Meán Fómhair 2022.

AGUS BÉIM Á LEAGAN ACU AR AN MÉID SEO A LEANAS:

12. Is féidir leis an spórt féineagraithe, mar aon leis an spórt eagraithe, ról dearfach a bheith aige freisin maidir le cleachtas spóirt agus gníomhaíocht coirp ar mhaithe le feabhsú sláinte a mhéadú chun stíl mhaireachtála ghníomhach, shláintiúil agus inbhuanaithe, chomh maith le comhtháthú sóisialta agus saoránacht ghníomhach, a chur chun cinn.
13. Tá gá le cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí spóirt, eadhon spórt eagraithe agus féineagraithe, a mheas mar ghníomhaíochtaí comhlántacha chun tacú le stíleanna maireachtála gníomhacha agus sláintiúla, rud a d'fhéadfadh a bheith chun tairbhe an dá thaobh.
14. Tá easpa staidéar agus sonraí Eorpacha ar fáil a bhaineann go sonrach le rannpháirtíocht na saoránach sa spórt féineagraithe.
15. Is féidir le hinfheistíocht in aon chineál rannpháirtíochta sa spórt toradh dearfach sóisialta a ghiniúint ar an infheistíocht¹⁰.
16. Ba cheart do chleachtas an spóirt fhéineagraithe a bheith sábháilte agus inrochtana do chách; ba cheart an spórt a chleachtadh i dtimpeallacht inar féidir le gach duine dul i mbun aclaíochta go sábháilte - gan beann ar inscne, aois, gnéaschlaonadh, riocht fisiciúil, míchumas nó cúlra.
17. Is féidir ról tábhachtach a bheith ag réitigh dhigiteacha maidir le rannpháirtíocht a fheabhsú agus gníomhaíocht coirp a chur chun cinn; tugann siad tacaíocht luachmhar don chleachtas spóirt, agus is féidir leo cuidiú le húdaráis phoiblí agus le heagraíochtaí spóirt léargas níos doimhne a fháil ar dhaoine aonair a bhfuil baint acu leis an spórt féineagraithe agus tacaíocht a thabhairt dóibh.
18. Ba cheart do dhaoine aonair a bhfuil baint acu leis an spórt féineagraithe a bheith in ann tairbhe a bhaint as treoir agus faisnéis leordhóthanach chun cabhrú leo na hacmhainní agus na huirlisí atá ar fáil a úsáid ar bhealach níos fearr, mar shampla, na meáin shóisialta agus feidhmchláir dhigiteacha agus uirlisí a bhaineann le sláinte, spórt agus aclaíocht.

¹⁰ ECFC/EDS (2023), *Step Up! [Bogaimis linn!] Tackling the Burden of Insufficient Physical Activity in Europe* [Easpa Gníomhaíochta Coirp san Eoraip a Ghleic], Foilsitheoireacht ECFE, Páras, lch. 3.

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT, AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AN MÉID SEO
A LEANAS A DHÉANAMH:

19. A mhéid a bhaineann leis an tsláinte, leis an bhfolláine agus leis an gcuimsiú sóisialta,
- a) beartais lena gcothaítear cleachtas an spóirt féineagraithe a chur chun cinn agus tacú leis na beartais sin mar bhealach chun gníomhaíocht coirp agus spórt ar feadh an tsaoil a spreagadh agus chun a dtairbhí don fholláine agus don tsláinte coirp agus don mheabhairshláinte a chur chun cinn i measc an phobail¹¹;
 - b) spórt féineagraithe a spreagadh freisin mar bhealach chun rioscaí a bhaineann le galair neamhtheagmhálacha a chosc agus gníomhaíocht coirp ar mhaithe le feabhsú sláinte a chur chun cinn, mar shampla i scoileanna, i saoráidí cúraim sláinte (lena n-áirítear tithe altranais), san ionad oibre agus trí imeachtaí oscailte pobalbhunaithe¹²;
 - c) rannpháirtíocht sa spórt i suíomhanna neamhfhoirmiúla a chur chun cinn i measc saoránaigh uirbeacha agus tuaithe atá ina gcónaí i gceantair ina bhfuil easpa saoráidí leordhóthanacha spóirt agus spásanna poiblí atá oiriúnach don chleachtas spóirt;
 - d) féachaint an bhféadfaí gníomhaíocht coirp a fhorordú mar bhealach chun spórt agus gníomhaíocht coirp a chur chun cinn i suíomhanna eagraithe agus neamhfhoirmiúla¹³. Is féidir le gairmithe sláinte ról lárnach a bheith acu maidir le rannpháirtíocht i spórt nó i ngníomhaíochtaí coirp a mholadh agus a spreagadh atá oiriúnach do stádas sláinte an duine aonair, i ndlúthchomhar le gairmithe cáilithe spóirt.

¹¹ Go háirithe i measc na mban, leanaí, daoine óga, daoine scothaosta, daoine atá scoite amach, daoine faoi mhíchumas nó a bhfuil galair ainsealacha orthu, daoine neamhghníomhacha, daoine a bhfuil acmhainní airgeadais teoranta acu agus mionlaigh.

¹² Gníomhaíocht a eagraítear agus a bhíonn ar siúl go háitiúil.

¹³ Is féidir na tionscnaimh sin a chómhaoiniú freisin trí Chiste Sóisialta na hEorpa+ agus trí Chlár gníomhaíochta an Aontais i réimse na sláinte.

20. A mhéid a bhaineann le cleachtais spórt,

- a) tacú le tionscnaimh bheartais, bearta agus feachtais phoiblí lena gcuirtear tairbhí agus inrochtaineacht an spóirt agus na gníomhaíochta coirp chun cinn, lena n-áirítear i suíomhanna neamhfhoirmiúla, i measc an phobail, ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil;
- b) i gcás inarb iomchuí, treoirlínte a chur ar fáil agus a scaipeadh, i gcomhar leis an ngluaiseacht spóirt, ar bhealaí chun páirt a ghlacadh i spórt féineagraithe, mar shampla maidir le gnáthaimh traenála agus sábháilteachta;
- c) forbairt uirlisí a spreagadh, i gcás inar féidir, lena mbeidh daoine aonair a chleachtann spórt féineagraithe in ann treoir a aimsiú gan dua agus go mbeidh siad in ann foireann cháilithe, go háirithe cóitseálaithe¹⁴, a bhfuil oiliúint dheimhnithe curtha orthu a shainaithint;
- d) tionscnaimh phobalbhunaithe a chur chun cinn lena spreagtar rannpháirtíocht sa spórt i suíomhanna neamhfhoirmiúla i gcomhar le hinstitiúidí oideachais agus oiliúna, eagraíochtaí óige, clubanna spóirt, clubanna aclaíochta, comhlachais do dhaoine scothaosta agus comhlachais chomharsanachta, agus tacú leo;
- e) i gcás inarb iomchuí, comhoibriú leis an ngluaiseacht spóirt chun réimse na ngníomhaíochtaí coirp áineasa a chuirtear ar fáil laistigh de chlubanna spóirt a fhorbairt nó a leathnú;
- f) feasacht a mhúscailt maidir leis na rioscaí a ghabhann le húsáid¹⁵ a bhaint as na meáin shóisialta agus as feidhmchláir agus uirlisí digiteacha a bhaineann le sláinte, spórt agus aclaíocht, mar shampla trí fheachtais faisnéise. Mar sin féin, d'fhéadfadh na meáin shóisialta agus na feidhmchláir agus na huirlisí digiteacha sin a bheith úsáideach freisin chun gníomhaíocht coirp a spreagadh agus a chothú i measc an phobail.

¹⁴ Mar a shainítear sna Conclúidí ón gComhairle maidir le ról chóitseálaithe sa tsochaí, IO C 423, 9.12.2017, lch. 6.

¹⁵ I measc na samplaí tá modhanna traenála míchuí, ról na dtionchairí spóirt agus aclaíochta, tionchar na meán sóisialta ar íomhá coirp, agus fógraíocht ar tháirgí a chuireann leis an bhfeidhmiú.

21. A mhéid a bhaineann le forbairt scileanna, foghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, agus obair dheonach,
- a) a ndícheall a dhéanamh deiseanna aitheanta forbartha scileanna ar ardcháilíocht a chur ar fáil do thraenálaíthe, do chóitseálaithe agus do shaorálaithe, lena n-áirítear iad siúd atá ag obair i suíomhanna neamhfhoirmiúla, agus béim á leagan ar scileanna gluaiseachta, ar shábháilteacht agus ar thaitneamh;
 - b) machnamh a dhéanamh ar dhreasachtaí a chruthú do chóitseálaithe agus do shaorálaithe atá páirteach i spórt eagraithe chun rannchuidiú le raon cleachtas spóirt agus chun aitheantas a thabhairt dá n-iarrachtaí i gcás inarb iomchuí, mar shampla trí theastais oinigh, gradaim nó aitheantais phoiblí;
 - c) cleachtadh an spóirt fhéineagraithe a spreagadh i suíomhanna foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, go háirithe i measc leanaí agus daoine óga ar féidir leo scileanna nua a fhoghlaim trí ghníomhaíochtaí coirp áineasa, na bunscileanna is gá chun páirt a ghlacadh sa spórt eagraithe a fhorbairt, agus foghlaim conas spórt a chleachtadh ar bhealach sábháilte.
22. A mhéid a bhaineann le pleanáil spáis agus bonneagar,
- a) tacú le beartais lena gcuirtear chun cinn cruthú bonneagair phoiblí inbhuanaithe inrochtana, mar shampla páirceanna, cosáin, clóis súgartha agus spásanna gníomhacha¹⁶, ina mbeadh deis ag an bpobal spórt féineagraithe a dhéanamh;
 - b) comhoibriú trasearnála a chur chun cinn idir údaráis phoiblí, an ghluaiseacht spóirt agus páirtithe leasmhara ábhartha eile chun feabhas a chur ar chomhtháthú an bhonneagair spóirt i mbeartais pleanála spáis, chun spásanna a chruthú inar féidir gach cineál spóirt agus gníomhaíochta coirp a chleachtadh go héasca agus go mbeidh teacht orthu go héasca;

¹⁶ Is minic a bhíonn an nuáil, an tsolúbthacht agus an mhodúlacht mar shaintréith den bhonneagar sin agus is féidir é a chur in áiteanna éagsúla bunaithe ar ghnáthaimh laethúla an duine aonair.

- c) leanúint den tsoghluaisteacht ghníomhach a chur chun cinn, cuir i gcás siúl, rothaíocht agus cineálacha eile taistil ghníomhacha laethúla, chomh maith le lánaí rothar agus bealaí ar leas coisithe a fhorbairt;
- d) i gcás inar féidir, cuidiú le bonneagar poiblí spóirt a bheith inrochtana do dhaoine aonair a ghlacann páirt sa spórt féineagraithe;
- e) comhtháthú na forbartha réigiúnaí spóirt a spreagadh, lena n-áirítear bonneagar spóirt comharsanachta, trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

23. A mhéid a bhaineann le réitigh dhigiteacha,

- a) úsáid ardán digiteach a chur chun cinn chun faisnéis a scaipeadh ar bhealach níos fearr maidir le deiseanna agus saoráidí spóirt i measc an phobail agus infheictheacht na ndeiseanna agus na saoráidí sin a fheabhsú, mar shampla faisnéis faoi infhaighteacht, riocht nó ráta áitíochta;
- b) féachaint ar bhailiú agus úsáid sonraí chun gníomhaíochtaí spóirt daoine aonair atá páirteach sa spórt féineagraithe a phleanáil agus a mheas, chomh maith leis na riachtanais a d'fhéadfadh a bheith acu.

IARRANN SIAD AR AN GCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

- 24. Leanúint de gach cineál rannpháirtíochta sa spórt a chur chun cinn trí Sheachtain Eorpach an Spóirt agus trí fheachtais feasachta a bhaineann leis an spórt agus an ghníomhaíocht coirp a dhéanamh amach anseo a chur chun cinn.
- 25. Plé a chumasú ar an leibhéal Eorpach maidir le tionscnaimh agus dea-chleachtais, chun go mbeidh na húdaráis phoiblí agus eagraíochtaí spóirt in ann teagmháil a dhéanamh le daoine aonair atá páirteach sa spórt féineagraithe.

26. A mhéid a bhaineann le pleanáil spáis agus bonneagar,
- a) úsáid na ndeiseanna cistiúcháin atá ann cheana — go háirithe CFRE, CSE+, Life agus STA — a chur chun cinn a thuilleadh chun breis forbartha a dhéanamh ar spásanna poiblí agus bonneagar spóirt inrochtana agus inbhuanaithe, i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip;
 - b) feasacht ar thionscnamh SHARE 2.0 a mhúscailt, arb é is aidhm dó comhoibriú agus seisiún tuairimíochta a struchtúru agus a neartú i dtaca le rochtain ar mhaoiniú ón Aontas, sláinte, nuáil agus inbhuanaitheacht.
27. A mhéid a bhaineann le hinfhaighteacht fianaise agus sonraí,
- a) spórt féineagraithe a chur san áireamh i suirbhéanna agus staidéir a dhéanfar amach anseo chun cur le hinfhaighteacht sonraí luachmhara maidir le treochtaí reatha agus cleachtais spóirt a bhaineann le spórt féineagraithe;
 - b) tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thuarascáil 2021 ón gCoimisiún dar teideal *Mapping of innovative practices in the EU to promote sport outside of traditional structures*¹⁷ [Cleachtais nuálacha a mhapáil san Aontas chun spórt a chur chun cinn lasmuigh de struchtúir thraidisiúnta], lena dtugtar tuiscint ar an gcaoi a bhfuil an cleachtas spóirt ag athrú i sochaí an lae inniu agus ina bhfuil an ghluaiseacht spóirt ag dul in oiriúint don éabhlóid sin, trí thuilleadh forbairtí a mheas agus faireachán a dhéanamh orthu, lena n-áirítear i gcomhthéacs Moladh HEPA a chur chun feidhme¹⁸.

¹⁷ An Coimisiún Eorpach, Ard- Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr, Tuarascáil dar teideal *Mapping of innovative practices in the EU to promote sport outside of traditional structures* [Cleachtais nuálacha a mhapáil san Aontas chun spórt a chur chun cinn lasmuigh de struchtúir thraidisiúnta] – Tuarascáil deiridh chuig an gCoimisiún Eorpach, Oifig na bhFoilseachán, 2021.

¹⁸ Moladh ón gComhairle an 26 Samhain 2013 maidir le gníomhaíocht choirp ar mhaithe le feabhsú sláinte a chur chun cinn ar fud earnálacha, IO C 354, 4.12.2013, lch. 1.

**IARRTAR AR AN nGLUAISEACHT SPÓRT AGUS AR PHÁIRTITHE LEASMHARA
ÁBHARTHA EILE AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:**

28. Leanúint de bheith ag comhoibriú leis na húdaráis phoiblí maidir le beartais spóirt a cheapadh a oirfidh do gach cineál cleachtais spóirt, lena n-áirítear spórt féineagraithe, agus raon na spórt atá ar fáil a chur in oiriúint do threochtaí na stíle maireachtála is déanaí agus d'ionchais nua i measc an phobail.
29. Comhoibriú breise ar bhealaí chun acmhainní (saoráidí agus trealamh) a chomhroinnt le daoine nach baill de chlubanna spóirt iad, chun rannpháirtíocht sa spórt agus sa ghníomhaíocht coirp a chur chun cinn i suíomhanna neamhfhoirmiúla.
30. Imeachtaí spóirt a eagrú ar leibhéal an phobail ina mbeadh comórtais agus gníomhaíochtaí spóirt áineasa araon, agus cineálacha meantóireachta ó chóitseálaithe agus lúthchleasaithe do dhaoine aonair a dhéanann spórt féineagraithe (mar shampla maidir le treoirlínte sábháilteachta nó traenála) a chur chun cinn.
31. Clubanna spóirt a spreagadh chun gnéithe solúbthachta a ionchorprú chun gur féidir le daoine aonair spórt a chleachtadh go saoráideach gan sceidil, gan áirithintí agus nach bhfuil orthu a bheith mar chuid d'fhoireann.
32. Forbairt réimse gníomhaíochtaí spóirt áineasa a chothú laistigh de chlubanna spóirt chun a ngníomhaíochtaí a éagsúlú agus rannpháirtithe nua a mhealladh.

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

TAGAIRTÍ:

- Conclúidí ón gComhairle maidir le ról cóitseálaithe sa tsochaí, IO C 423, 9.12.2017, lch. 6.
- Rún ón gComhairle maidir le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt 2021-2024, IO C 419, 4.12.2020, lch. 1.
- Conclúidí ón gComhairle maidir le tionchar phaindéim COVID-19 agus téarnamh san earnáil spóirt, IO C 214I, 29.6.2020, lch. 1.
- Conclúidí ón gComhairle maidir le comhar trasearnála a chur chun cinn ar mhaithe leis an spórt agus leis an ngníomhaíocht coirp sa tsochaí, IO C 419, 4.12.2020, lch. 18.
- Conclúidí ón gComhairle maidir le gníomhaíocht coirp ar feadh an tsaoil, IO C 501I, 13.12.2021, lch. 1.
- Conclúidí ón gComhairle maidir le spórt agus gníomhaíocht coirp, réimsí a bhfuil gealladh fúthu chun iompraíocht a athrú ó bhonn ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe, IO C 170, 25.4.2022, lch. 1.
- Conclúidí ón gComhairle maidir le bonneagar inbhuanaithe inrochtana spóirt, IO C 494, 28.12.2022, lch. 1.
- An Coimisiún Eorpach, Ard- Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr, Tuarascáil dar teideal *Mapping of innovative practices in the EU to promote sport outside of traditional structures* [Cleachtais nuálacha a mhapáil san Aontas chun spórt a chur chun cinn lasmuigh de struchtúir thraidisiúnta] – Tuarascáil deiridh chuig an gCoimisiún Eorpach, Oifig na bhFoilseachán, 2021.
- An Coimisiún Eorpach, Eorabharaiméadar Speisialta 525, *Sport and Physical Activity (2022)* [Spórt agus Gníomhaíocht Coirp (2022)], 2668/SP525, Meán Fómhair 2022.